Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9725/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0121 (NLE)**

**FISC 196**
**ECOFIN 676**
**ENER 283**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 244 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 244 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 244 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 22.5.2026
COM(2026) 244 final

2026/0121 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Déantar cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas a rialáil le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas [1] (an 'Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh' nó an 'Treoir').

De bhun Airteagal 19(1) den Treoir, sa bhreis ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 5, 15 agus 17 den Treoir sin go háirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis ó thaobh leibhéal an chánachais de a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

De bhua Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020[2] (ar Cinneadh é a raibh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/722/AE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2014[3] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/445/AE ón gComhairle an 12 Iúil 2011[4] ann roimhe), údaraíodh an Ghearmáin cheana ráta laghdaithe cánachais leictreachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, seachas árthaí príobháideacha áineasa[5], atá i mbeart i gcalafoirt ('leictreachas cois cladaigh').

Is é is cuspóir don togra seo síneadh a chur leis an údarú sin mar a d'iarr an Ghearmáin, ós rud é go ndeachaigh an maolú atá ann faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2025.

Le litir dar dáta an 26 Lúnasa 2025, chuir údaráis na Gearmáine an Coimisiún ar an eolas maidir lena rún síneadh a chur leis an mbeart atá ann faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2029. Soláthraíodh faisnéis bhreise i litir dar dáta an 23 Eanáir 2026.

Tá an Ghearmáin ag lorg athnuachan ar an údarú chun ráta cánach laghdaithe EUR 0,50/MWh a chur i bhfeidhm maidir le soláthar leictreachais cois cladaigh do shoithí[6] a oibríonn go heisiach chun críoch tráchtála i bhfarraigí agus in uiscí intíre an Aontais (lena n-áirítear

---

1 IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 331, 12.10.2020, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1436/oj) i dtaca leis an gCeartúchán ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 342, 16.10.2020, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1436/corrigendum/2020-10-16/oj )

3 IO L 300, 18.10.2014, lch. 55

4 IO L 191, 22.7.2011, lch. 22

5 Sainmhínítear an téarma 'árthach príobháideach áineasa' in Airteagal 14(1)(c), an dara fomhír, de Threoir 2003/96/CE

6 Arna sainaithint san iarraidh mar gach long, bád agus fearas snámhach atá á gcumhachtú le mótair a chumhdaítear le Caibidil 89 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

iascaireacht[7]). Tá an méid sin cothrom leis an íosráta cánachais ar leictreachas le haghaidh úsáid ghnó mar a leagtar síos sa Treoir.

Is é an 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2029 an tréimhse bailíochta a iarrtar. Leis sin, leantar den mhaolú atá ann faoi láthair agus tá sé laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

Is é is aidhm don laghdú sin leanúint de dhreasacht eacnamaíoch a sholáthar chun leictreachas cois cladaigh a chur in úsáid agus a úsáid chun truailliú aeir i gcathracha calafoirt a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir áitiúil agus torann a laghdú ar mhaithe le sláinte na n-áitritheoirí.

Is é is cuspóir don bheart a chuirfidh an Ghearmáin i bhfeidhm freisin tionchar comhshaoil an uisce-iompair a laghdú.

Leis an mbeart a iarradh, is mian leis an nGearmáin leanúint de dhreasacht a thairiscint chun leictreachas cois cladaigh a úsáid, ar cineál leictreachais é sin a mheastar a bheith ina rogha mhalartach nach bhfuil chomh truaillitheach céanna ar leictreachas a ghiniúint ar bord soithí atá i mbeart i gcalafort. Mar a léirítear san iarraidh, is é EUR 20,50/MWh ráta caighdeánach na cánach leictreachais sa Ghearmáin. Is é EUR 20,00/MWh an laghdú cánach atá ann faoi láthair. Ciallaíonn sé sin go ngearrtar EUR 0,50/MWh ar thairbhithe, arb é sin íosráta cánach an Aontais le haghaidh leictreachais is infheidhme faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (mar a shonraítear in Airteagal 10(1) agus Tábla C d'Iarscríbhinn I, le haghaidh úsáid ghnó). Ceadaíonn an Ghearmáin an buntáiste cánach a sholáthar mar ráta cánach laghdaithe a ghearrtar ag an soláthar (ráta a dteastaíonn cead chun é chur i bhfeidhm), nó mar aisíocaíocht chánach.

Ar an taobh eile, de réir Airteagal 14(1)(c) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ní mór do na Ballstáit táirgí a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh ar bord long atá i mbeart i gcalafoirt a dhíolmhú. Féadfaidh siad déanamh amhlaidh freisin má tháirgtear leictreachas ar bord long le haghaidh loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre de réir Airteagal 15(1)(f) den Treoir. Dheimhnigh an Ghearmáin gur thrasuigh sí an díolúine roghnach dheireanach sin.

Chuir údaráis na Gearmáine in iúl go bhfuil feidhm ag an laghdú cánach maidir le gach long seachas árthaí príobháideacha áineasa, rud a chiallaíonn gur féidir le gach long a bhfuil baint aici le loingseoireacht tráchtála, gan beann ar mhéid nó ar bhratach, tairbhe a bhaint as an laghdú cánach. Níl aon oibleagáid ar shoithí, áfach, leictreachas cois cladaigh a úsáid.

Mar a léirítear san iarraidh, in 2024 d'éiligh 28 gcuideachta san iomlán an faoiseamh cánach. Ina theannta sin, soláthraítear leictreachas cois cladaigh do Chabhlach Cónaidhme na Gearmáine ag ocht láithreán. Tá níos mó ná 400 saoráid leictreachais cois cladaigh dho-aistrithe nó shoghluaiste sa Ghearmáin i mbeartanna i gcalafoirt farraige agus intíre. I 50 calafort farraige agus intíre tá saoráidí (breise) cois cladaigh beartaithe nó á dtógáil.

Chun meastachán a dhéanamh ar an gcaiteachas cánach ón mbeart, ríomh údaráis na Gearmáine an caillteanas ioncaim cánach ar bhonn an mhéid leictreachais a ídítear le haghaidh an tsochair agus ar bhonn mhéid an bhuntáiste. Is é EUR 20,00/MWh an faoiseamh

[7] Mar a shonraítear sa dlí náisiúnta, níl feidhm ag an mbeart maidir le leictreachas cois cladaigh a sholáthraítear do shoithí uisce-iompartha le linn a bhfanachta i longcheárta.

cánach atá ann faoi láthair (is é EUR 20,50/MWh an ráta cánach caighdeánach, mar a luadh roimhe seo).

In 2024, soláthraíodh thart ar 74 100 MWh leictreachais ag an ráta fabhrach nó thairbhigh sé d'fhaoiseamh cánach. Mar thoradh air sin, cailleadh ioncam cánach le haghaidh 2024 arbh fhiú thart ar EUR 1,48 milliún é.

D'iarr an Ghearmáin go ndeonófaí an t-údarú go dtí an 31 Nollaig 2029, ag tosú ón 1 Eanáir 2026, gan cur isteach ar an maolú atá ann faoi láthair agus gan an uastréimhse a shonraítear in Airteagal 19(2) den Treoir a shárú.

Leis an laghdú cánach, is mian leis an nGearmáin dreasacht a chur ar fáil d'oibritheoirí soithí leictreachas cois cladaigh a úsáid chun astaíochtaí aeriompartha agus torann ó dhóchán breoslaí ag soithí atá i mbeart a laghdú, chomh maith le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú. Trí ráta cánach laghdaithe a chur i bhfeidhm, neartaítear iomaíochas an leictreachais cois cladaigh i gcomparáid le breoslaí umair a dhó ar bord, rud atá díolmhaithe ó chánachas máil fuinnimh.

Measann údaráis na Gearmáine go gcomhlíonann an scéim coinníollacha Airteagal 44 de Rialachán 651/2014/AE ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh[8]. Dá bhrí sin, níor thug údaráis na Gearmáine fógra foirmiúil faoin scéim don Choimisiún ach tharchuir siad achoimre faisnéise ar an scéim trí chóras fógartha leictreonach an Choimisiúin mar chuid dá n-oibleagáid tuairiscithe a cheanglaítear faoi Airteagal 11 de Rialachán 651/2014/AE ón gCoimisiún an 1 Iúil 2024[9].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is le Treoir 2003/96/CE, go háirithe Airteagal 10 di, a rialaítear cánachas leictreachais. Déantar foráil in Airteagal 14(1)(c) maidir le díolúine éigeantach ó cháin le haghaidh leictreachas a tháirgtear ar bord árthaigh. Foráiltear le hAirteagail 5, 15 agus 17 maidir leis an bhféidearthacht do na Ballstáit difreálacha cánach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear díolúintí agus laghduithe, maidir le húsáidí áirithe leictreachais. Mar sin féin, ní dhéantar foráil leis na forálacha sin maidir le cánachas laghdaithe leictreachais cois cladaigh.

*Forálacha faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*

Léitear Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, den Treoir mar a leanas:

> *Sa bhreis ar na forálacha a leagtar amach sna hAirteagail roimhe seo, go háirithe in Airteagail 5, 15 agus 17, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.*

Trí bhíthin an laghdaithe cánach atá i gceist, tá údaráis na Gearmáine ag saothrú an chuspóra leanúint de bhealach nach bhfuil chomh díobhálach céanna don chomhshaol a chur chun cinn

8 IO L 187, 26.6.2014, lch. 1

9 Stromsteuerermäßigung auf direkt am Liegeplatz im Hafen an Schiffe gelieferten elektrischen Strom (landseitige Elektrizität) [BMF, Zoll], achoimre faisnéise arna tharchur chuig an gCoimisiún trí chóras fógartha leictreonach an Choimisiúin an 1.7.24, https://competition-cases.ec.europa.eu/cases/SA.114829.

chun go sásóidh longa a riachtanais leictreachais agus iad i mbeart i gcalafoirt, agus ar an gcaoi sin cáilíocht an aeir áitiúil a fheabhsú agus torann a laghdú.

Mhol an Coimisiún cheana úsáid an leictreachais cois cladaigh mar rogha malartach ar leictreachas a ghiniúint ar bord soithí atá i mbeart agus d'aithin sé dá bhrí sin buntáistí comhshaoil a úsáide[10].

Is é EUR 20,50/MWh an ráta caighdeánach le haghaidh leictreachais faoi láthair, agus is é EUR 20,00/MWh an lamháltas cánach. Dá bhrí sin, gearrtar íosráta cánach an Aontais EUR 0,50/MWh ar thairbhithe faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinneamh. Dá bhrí sin, is féidir leanúint de rannchuidiú leis an cuspóir beartais sonraithe leis an méid sin.

An fhéidearthacht cóireáil chánach atá fabhrach do leictreachas cois cladaigh a cheadú, is féidir foráil a dhéanamh maidir léi faoi Airteagal 19 den Treoir ós rud é gurb é is cuspóir dó cead a thabhairt do na Ballstáit díolúine nó laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

D'iarr an Ghearmáin go gcuirfí an beart i bhfeidhm ar feadh tréimhse laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2), i.e. 4 bliana. I bprionsabal, ní mór an beart a fhanacht i bhfeidhm ar feadh tréimhse atá fada go leor chun tionchar dearfach a bheith aige ar chinntí infheistíochta maidir le hinfheistíochtaí i saoráidí leictreachais cois cladaigh ó oibritheoirí calafort, agus i dtrealamh ar bord ó oibritheoirí long.

Mar sin féin, níor cheart dochar a dhéanamh leis an maolú d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana agus ba cheart aird a thabhairt ar an athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus ar ghlacadh féideartha gnímh dlí ag an gComhairle bunaithe ar an togra ón gCoimisiún chun an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a athmhúnlú[11].

Go sonrach, mar chuid den athmhúnlú atá beartaithe ar an Treoir maidir le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, tá foráil déanta ag an gCoimisiún, i measc nithe eile, go ndéanfaidh na Ballstáit uile díolúintí, díolúintí páirteacha nó laghduithe a chur i bhfeidhm maidir leis an leibhéal cánachais ar leictreachas arna sholáthar go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, chun a fhorbairt agus a úsáid a spreagadh.

Sna himthosca sin, is cosúil go bhfuil sé iomchuí an t-údarú a dheonú le haghaidh na tréimhse atá i gceist.

*Rialacha maidir leis an státchabhair*

An ráta laghdaithe EUR 0,50 in aghaidh gach MWh atá beartaithe ag údaráis na Gearmáine, tá sé cothrom leis an íosleibhéal cánachais i gcomhair leictreachas le haghaidh úsáid ghnó de bhun Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE.

Leagtar amach in Airteagal 44 de Rialachán 651/2014/AE ón gCoimisiún na coinníollacha faoinar féidir cabhair i bhfoirm laghduithe ar chánacha comhshaoil a chomhlíonann

---

[10] Moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 maidir le leictreachas cois cladaigh a chur chun cinn lena úsáid ag longa atá i mbeart i gcalafoirt an Chomhphobail (IO L 125, 12.5.2006).

[11] COM/2021/563 final: Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú).

coinníollacha Threoir 2003/96/CE a dhíolmhú ón gceanglas fógra a thabhairt maidir le Státchabhair.

Léirigh údaráis na Gearmáine go gcomhlíonann an scéim atá ann faoi láthair agus na scéimeanna a tháinig roimpi coinníollacha Airteagal 44 de Rialachán 651/2014/AE ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, níor tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an scéim. Mar sin féin, tharchuir an Ghearmáin an achoimre faisnéise an 1 Iúil 2024 trí chóras fógartha leictreonach an Choimisiúin mar a cheanglaítear faoi Airteagal 11 de Rialachán 651/2014/AE ón gCoimisiún.

Ní dhéanann an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle réamhbhreith ar oibleagáid an Bhallstáit comhlíonadh na rialacha maidir leis an státchabhair a áirithiú. Tá an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle gan dochar freisin d’oibleagáid an Bhallstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoin gcabhair sula gcuirfear i bhfeidhm í, de bhun Airteagal 108(3) CFAE, i gcás nach gcumhdaítear an chabhair nua le Rialachán 651/2014/AE ón gCoimisiún.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

***Beartas comhshaoil agus beartas don athrú aeráide***

Baineann an beart a iarradh go príomha le beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide. Ós rud é go mbeidh an beart ina chuidiú dó breoslaí umair ar bord soithí i gcalafoirt a laghdú, rannchuideofar leis an gcuspóir cáilíocht an aeir áitiúil a fheabhsú agus torann a laghdú. Le Treoir 2008/50/CE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[12] ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcoinnítear leibhéil roinnt truailleáin aeir faoi bhun na dteorainnluachanna, na spriocluachanna agus na gcaighdeán eile cáilíochta aeir a leagtar síos sa Treoir. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit réitigh a aimsiú ar fhadhbanna amhail astaíochtaí long atá i mbeart i gcalafoirt i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha. D’fhéadfaí a shamhlú, i gcalafoirt ina bhfuil na fadhbanna sin, go spreagfar úsáid leictreachais cois cladaigh a thuilleadh mar ghné amháin den straitéis fhoriomlán um cháilíocht an aeir. Spreagtar úsáid leictreachais cois cladaigh freisin faoi Threoir (AE) 2016/802[13] lena rialaítear an cion sulfair i mbreoslaí muirí.

Trí shíneadh a chur leis an mbeart a iarradh, tá sé beartaithe ag an nGearmáin leanúint d’úsáid leictreachais cois cladaigh a dhreasú mar rogha mhalartach atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol ar leictreachas a ghiniúint ar bord long agus iad i mbeart i gcalafort.

Mar a chuireann údaráis na Gearmáine i dtábhacht, d’fhéadfadh astaíochtaí níos ísle truailleán aeir a bheith mar thoradh ar leictreachas cois cladaigh a úsáid in ionad gineadóirí ar bord, mar shampla dé-ocsaídí nítrigine agus sulfair, mínábhar cáithníneach agus miotail throma, chomh maith le laghduithe suntasacha ar thruailliú torainn i gcásanna áirithe. Ós rud é go mbeidh feidhm ag teorainnluachanna níos déine maidir le cáilíocht an aeir ó 2030 ar aghaidh[14], is

---

[12] Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

[13] Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

[14] Treoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le haercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 2024/2881, 20.11.2024)

féidir coinne a bheith leis go mbeidh níos mó tábhachta ag baint le leictreachas cois cladaigh mar bheart chun astaíochtaí a laghdú.

Ní hamháin go laghdófar truailleáin aeriompartha, ábhar cáithníneach agus súiche le húsáid nasc leictreachais cois cladaigh, ach is dócha go mbeidh laghdú ar astaíochtaí CO2 mar thoradh air freisin. Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil an meascán leictreachais ón eangach ar tír sa Ghearmáin chomh dian céanna ar charbón ná leictreachas a tháirgtear ar bord trí bhreoslaí umair a dhó, mar gheall ar éifeachtúlacht níos airde an chórais agus an difríocht sna breoslaí ionchuir a úsáidtear.

Tugtar le fios le sonraí sonracha arna soláthar ag calafort Hamburg le haghaidh 2024 go bhféadfaí an coigilteas astaíochtaí seo a leanas a bhaint amach trí leictreachas cois cladaigh a cheannach go heisiach ó fhoinsí fuinnimh malartacha:

– 4 327 g $CO_2$ t/a,
– 78,9 g $SO_x$ t/a,
– 2,6 g $NO_x$ t/a, agus
– 1,2 PM t/a.

***Beartas fuinnimh***

Tá an beart i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804 an 13 Meán Fómhair 2023[15] maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE[16]. Tugtar aghaidh sa Rialachán sin ar an tsaincheist maidir le saoráidí soláthair leictreachais cois cladaigh a shuiteáil i gcalafoirt ina bhfuil éileamh ar shaoráidí den sórt sin agus nach bhfuil na costais díréireach leis na tairbhí, lena n-áirítear na tairbhí comhshaoil. Rinneadh measúnú freisin ar bheart comhchosúil agus deimhníodh go rannchuidíonn sé le cuspóirí bheartais agus reachtaíocht an Aontais a bhaint amach arb é is aidhm dóibh lorg comhshaoil an mhuiriompair a laghdú agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a fhorbairt faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE[17].

Cúis mhór amháin le staid neamhfhabhrach iomaíoch an leictreachais cois cladaigh is ea go bhfuil díolúine iomlán ó cháin faoi láthair ag leictreachas a tháirgtear ar bord soithí agus iad i gcalafoirt mhuirí. Ní hamháin go ndóitear an breosla umair chun an leictreachas atá díolmhaithe ó chánachas a ghiniúint, rud a chomhfhreagraíonn don ghnáthstaid faoi Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2003/96/CE, ach tá an leictreachas féin a tháirgtear ar bord na soithí díolmhaithe freisin[18]. Cé go bhféadfaí a mheas go mbeadh díolúine an leictreachais a tháirgtear ar bord na soithí deacair a réiteach le cuspóirí comhshaoil an Aontais, is ceist phraiticiúlachta é. Go deimhin, chun cáin a ghearradh ar leictreachas a tháirgtear ar bord, bheadh gá le dearbhú ón longúinéir – a bhíonn bunaithe go minic i dtríú tír – nó ón oibritheoir maidir le méid an leictreachais a ídítear. Thairis sin, ní mór dóibh a chinneadh sa dearbhú sciar an leictreachais a ídítear in uiscí teorann an Bhallstáit ina bhfuil an cháin dlite. Chruthófaí leis sin ualach ollmhór riaracháin do longúinéirí dearbhuithe den sórt sin a

[15] IO L 234, 22.9.2023, lch. 1.
[16] IO L 307, 28.10.2014, lch. 1
[17] Cinneadh C(2024) 3934 final ón gCoimisiún an 17.6.2024 i gcás SA.105117 maidir leis an Státchabhair (IO C/2024/5376, 3.9.2024).
[18] Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2003/96/CE.

dhéanamh i gcás gach Ballstáit lena mbaineann a n-uiscí teorann. Tá feidhm ag breithnithe den chineál céanna maidir le loingseoireacht intíre agus maidir leis an gcóireáil cánach roghnach i gcomhréir le hAirteagal 15(1)(f) den Treoir, a chuireann an Ghearmáin chun feidhme. I bhfianaise na díolúine maidir le bealach iontaise na giniúna leictreachais ar bord long, tá údar maith ann gan pionós a ghearradh ar an rogha mhalartach ar leictreachas cois cladaigh nach bhfuil chomh truaillitheach céanna trí chead a thabhairt don Ghearmáin leanúint de ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm.

***Beartas iompair***

Tá an beart i gcomhréir le moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún maidir le leictreachas cois cladaigh a chur chun cinn lena úsáid ag longa atá i mbeart i gcalafoirt an Aontais[19] agus i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Spriocanna straitéiseacha agus moltaí le haghaidh bheartas muiriompair an Aontais[20].

Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE[21], ó 2030 ar aghaidh ceanglófar ar shoithí a aicmítear mar longa cúrsála, báid farantóireachta agus longa coimeádán os cionn 5 000 olltonnáiste córais Soláthair Cumhachta ar Tír a úsáid, seachas i gcás ina bhfuil teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha ar fáil dóibh.

***An margadh inmheánach agus iomaíocht chóir***

Ó thaobh an mhargaidh inmheánaigh agus na hiomaíochta córa de, ní laghdaítear leis an mbeart ach an saobhadh cánach atá ann cheana idir dhá fhoinse iomaíocha leictreachais le haghaidh báid atá i mbeart, i.e. giniúint ar bord agus leictreachas cois cladaigh, arb í an díolúine ó cháin le haghaidh breoslaí umair is cúis leis.

Tugann údaráis na Gearmáine faoi deara nach dtugann an lamháltas cánach le haghaidh leictreachas cois cladaigh aon bhuntáiste do na hoibritheoirí soithí a thairbhíonn de, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an margadh inmheánach. Níl aon éifeacht choigiltis ag baint le leictreachas cois cladaigh a chur in ionad leictreachas a tháirgtear ar bord na soithí féin. Tá costais an leictreachais cois cladaigh sa Ghearmáin níos airde faoi láthair ná costais an leictreachais fhéinghinte, fiú agus an buntáiste cánach á chur san áireamh.

Thairis sin, beidh rochtain ar leictreachas cois cladaigh ar fáil do na longa lena mbaineann gan beann ar a mbratach. Ní bheidh mar thoradh air go bhfaighidh oibreoirí eacnamaíocha náisiúnta cóireáil cánach níos buntáistí ná a n-iomaitheoirí ó Bhallstáit eile den Aontas.

Maidir le hiomaíocht idir calafoirt, aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thrádáil idir na Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar shoithí a mbealaí a athrú mar gheall ar an bhféidearthacht leictreachas cois cladaigh a ídiú ar ráta laghdaithe cánach, is féidir coinne a bheith leis sin go mbeidh an tionchar sin diomaibhseach. Mar a luaitear thuas, ní dócha go

19 Moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 maidir le leictreachas cois cladaigh a chur chun cinn lena úsáid ag longa atá i mbeart i gcalafoirt an Chomhphobail (IO L 125, 12.5.2006)

20 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Spriocanna straitéiseacha agus moltaí le haghaidh bheartas muiriompair an Aontais go dtí 2018, COM(2009) 8 final an 21 Eanáir 2009

21 IO L 234, 22.9.2023, lch. 48

mbeidh úsáid leictreachais cois cladaigh níos eacnamaíche ná giniúint ar bord, sa ghearrthéarma ar a laghad, in ainneoin an laghdaithe cánach. Dá bhrí sin, ní dócha go saobhfaí leis an laghdú cánach sin le haghaidh leictreachas cois cladaigh an iomaíocht idir calafoirt trí shoithí a spreagadh chun a gcúrsa taistil a athrú de réir infhaighteacht na rogha sin.

Áitíonn údaráis na Gearmáine go bhfuil ról ag tosca eile (amhail an cineál loinge agus lasta, na naisc chúlchríche atá ar fáil agus tosca eacnamaíocha eile) maidir le calafoirt a roghnú. Is cosúil nach bhfuil infhaighteacht leictreachais cois cladaigh ina toisc chinntitheach.

Cuireann údaráis na Gearmáine i dtábhacht freisin go bhfuil úsáid leictreachais cois cladaigh teoranta freisin toisc nach bhfuil aon chaighdeán teicniúil ann a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun soithí a nascadh leis an eangach leictreachais agus, i gcásanna áirithe, níl acmhainneacht soláthair leictreachais cois cladaigh ann.

Mura ndéanfar athruithe móra ar an gcreat agus ar an staid atá ann faoi láthair, fágann an tráthchlár chun síneadh a chur leis an údarú chun ráta laghdaithe cánach laghdaithe a chur i bhfeidhm nach dócha go n-athrófar an anailís a rinneadh sna míreanna roimhe seo roimh dháta éaga an bhirt.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl an réimse cánach indírí a chumhdaítear le hAirteagal 113 CFAE ann féin faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 3 CFAE.

Os a choinne sin, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, tugadh inniúlacht eisiach don Chomhairle, mar ábhar dlí thánaistigh, chun Ballstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit iad féin a chur in ionad na Comhairle. Mar thoradh air sin, níl prionsabal na coimhdeachta infheidhme maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo. In aon chás, ó tharla nach dréachtghníomh reachtach an gníomh seo, níor cheart é a tharchur chuig Parlaimintí náisiúnta de bhun Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí lena athbhreithniú maidir lena chomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann an laghdú cánach thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle atá san ionstraim atá beartaithe. Ní dhéanann Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE foráil ach maidir leis an gcineál sin birt.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní cheanglaítear leis an mbeart aon mheastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Ghearmáin agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra seo le húdarú a thabhairt do Bhallstát aonair ar a iarraidh féin agus ní cheanglaítear leis measúnú tionchair a dhéanamh.

Mar sin féin, mar a luaitear thuas, tugtar le fios san fhaisnéis a sholáthar an Ghearmáin go mbeidh tionchar teoranta ag an mbeart ar ioncaim chánach, agus beidh an ráta cánach le haghaidh leictreachas cois cladaigh fós os cionn an íosleibhéil cánachais a leagtar síos i dTreoir 2003/96/CE. Measann an Ghearmáin go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeart ar a spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus go háirithe ar cháilíocht an aeir áitiúil a fheabhsú agus torann a laghdú i gcathracha calafoirt.

Go sonrach, d'fhéadfadh astaíochtaí níos ísle ó roinnt mhaith truailleáin aeir a bheith mar thoradh ar leictreachas cois cladaigh a úsáid in ionad gineadóirí ar bord - mar shampla dé-ocsaídí nítrigine agus sulfair, mínábhar cáithníneach agus miotail throma - chomh maith le laghduithe suntasacha ar thruailliú torainn i gcásanna áirithe (mar a deimhníodh san aiseolais lena léirítear laghdú ar an líon gearán ó áiteanna i lár na cathrach). Ós rud é go mbeidh feidhm ag teorainnluachanna níos déine maidir le cáilíocht an aeir ó 2030 ar aghaidh, is féidir coinne a bheith leis go mbeidh níos mó tábhachta ag baint le leictreachas cois cladaigh mar bheart chun astaíochtaí a laghdú.

Ina meastachán ar chaiteachas cánach ón mbeart, measann údaráis na Gearmáine go gcaillfear EUR 1,3 mhilliún in aghaidh na bliana sna blianta atá le teacht.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní dhéantar foráil leis an mbeart maidir le simpliú. Is toradh é ar an iarraidh a rinne an Ghearmáin agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an mbeart ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirtear aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas leis an mbeart seo. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme. Baineann an togra seo le húdarú maidir le laghdú cánach le haghaidh Ballstát aonair ar a iarraidh féin. Soláthraítear é le haghaidh tréimhse theoranta go dtí an 31 Nollaig 2029. Beidh an ráta cánach a mbeidh feidhm aige cothrom leis an íosleibhéal cánachais a leagtar síos leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart i gcás iarraidh ar athnuachan tar éis dul in éag na tréimhse bailíochta.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear leis an togra aon doiciméad míniúcháin a bheith ann maidir leis an trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sonraítear in Airteagal 1 go gceadófar don Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais leictreachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha áineasa iad, atá i mbeart i gcalafoirt na Gearmáine (‘leictreachas cois cladaigh’). Ní mór nach lú ná EUR 0,50/MWh an ráta cánach, i.e. an t-íosleibhéal cánachais le haghaidh leictreachas i gcomhair úsáid gnó arna shocrú leis an Treoir. Ní bheifear in ann leictreachas a sholáthar ar ráta laghdaithe d’árthaí príobháideacha áineasa mar a shainmhínítear in Airteagal 14(1)(c), an dara fomhír de Threoir 2003/96/CE.

Sonraítear sa chéad mhír d’Airteagal 2 go ndeonaítear an t-údarú arna iarraidh le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, agus é leanúnach le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2020/1436/AE ón gComhairle atá ann faoi láthair, go dtí an 31 Nollaig 2029, laistigh den uastréimhse a cheadaítear leis an Treoir, mar a d’iarr an Ghearmáin. Sonraítear sa dara mír i gcás ina nglacfaidh an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh, aon fhoráil ghinearálta maidir le buntáistí cánach le haghaidh leictreachas cois cladaigh, a thiocfaidh chun bheith infheidhme le linn na tréimhse a leagtar amach sa chéad mhír, nach mbeidh feidhm ag an gCinneadh a thuilleadh nuair a thiocfaidh na forálacha ginearálta sin chun bheith infheidhme.

2026/0121 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail maidir le cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[22], agus go háirithe Airteagal 19(1), an chéad mhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436 ón gComhairle[23], údaraíodh an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha áineasa iad, atá i mbeart i gcalafort (‘leictreachas cois cladaigh’) go dtí an 31 Nollaig 2025, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE.

(2) I litir dar dáta an 26 Lúnasa 2025, d’iarr an Ghearmáin údarú chun leanúint de ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE. An 23 Eanáir 2026 sheol údaráis na Gearmáine litir inar soláthraíodh faisnéis bhreise a bhaineann leis an iarraidh.

(3) Leis an ráta laghdaithe cánach a bhfuil sé beartaithe ag an nGearmáin a chur i bhfeidhm, tá sé d’aidhm aici leanúint d’úsáid leictreachais cois cladaigh a chur chun cinn. Úsáid leictreachais den sórt sin, meastar gur bealach é atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol chun freastal ar riachtanais leictreachais soithí atá i mbeart i gcalafort ná na soithí sin a bheith ag dó breoslaí umair.

(4) Sa mhéid go seachnaítear le húsáid leictreachais cois cladaigh astaíochtaí ó thruailleáin aeir a thagann as soithí atá i mbeart i gcalafort a bheith ag dó breoslaí umair, feabhsaítear cáilíocht an aeir áitiúil i gcathracha calafoirt. Faoi choinníollacha sonracha an struchtúir giniúna leictreachais sa Ghearmáin, meastar freisin go laghdófar

[22] IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj

[23] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 331, 12.10.2020, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1436/oj) i dtaca leis an gCeartúchán ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 lena n-údaraítear an Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 342, 16.10.2020, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1436/corrigendum/2020-10-16/oj )

astaíochtaí $CO_2$, truailleáin aeir eile agus torann le húsáid leictreachais cois cladaigh seachas leictreachas a ghintear trí bhreoslaí umair a dhó. Dá bhrí sin, meastar go rannchuideoidh cur i bhfeidhm leanúnach an ráta laghdaithe cánachais maidir le leictreachas cois cladaigh le cuspóirí beartais comhshaoil, sláinte agus aeráide an Aontais.

(5) Trí chead a thabhairt don Ghearmáin ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh, ní théann an cead sin thar a bhfuil riachtanach chun úsáid an leictreachais sin a mhéadú, ós rud é go mbeidh giniúint an leictreachais ar bord mar rogha mhalartach níos iomaíche fós i bhformhór na gcásanna. Ar an gcúis chéanna, agus mar gheall gur íseal go leor é dul i bhfód na teicneolaíochta ábhartha ar an margadh, ní dócha go mbeidh aon saobhadh mór ar an iomaíocht mar thoradh ar chur i bhfeidhm an ráta laghdaithe cánachais sin le linn thréimhse a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, ní bheidh tionchar diúltach aige ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, déanfar gach údarú a dheonaítear faoi Airteagal 19(1) den Treoir sin a theorannú go docht ó thaobh ama de. Chun a áirithiú go mbeidh an tréimhse údarúcháin fada go leor ionas nach díspreagadh a bheidh ann d’oibreoirí eacnamaíocha ábhartha na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, is iomchuí an t-údarú a iarradh a dheonú ar feadh tréimhse 4 bliana. Mar sin féin, ba cheart an t-údarú sin a scor d’fheidhm a bheith aige tar éis aon fhoráil ghinearálta maidir le buntáistí cánach le haghaidh leictreachais cois cladaigh a ghlacfadh an Chomhairle faoi Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh a chur i bhfeidhm, i gcás ina mbeadh forálacha den sórt sin infheidhme le linn thréimhse an údaraithe.

(7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d’oibritheoirí calafoirt agus long, agus chun méadú féideartha ar an ualach riaracháin ar dháileoirí agus athdháileoirí leictreachais a sheachaint, ar ualach é a eascraíonn as athruithe ar an ráta cánach a thoibhítear ar leictreachas cois cladaigh, ba cheart é a chur ar a cumas don Ghearmáin an ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh gan bhriseadh. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-údarú a iarradh a dheonú le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, chun leanúint go rianúil de na réamhshocruithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1436.

(8) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an Ghearmáin údaraithe ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha áineasa iad, atá i mbeart i gcalafort (‘leictreachas cois cladaigh’), ar choinníoll go n-urramaítear na híosleibhéil chánachais dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2029.

Mar sin féin, dá ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aon fhoráil ghinearálta a ghlacadh maidir le buntáistí cánach le haghaidh leictreachas cois cladaigh, a bheidh infheidhme le linn na tréimhse a leagtar amach sa chéad mhír den Airteagal seo, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige nuair a thiocfaidh na forálacha ginearálta sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*